

# Teangacha Mionlaigh sa Ré Dhigiteach: Tionchar na Meán Sóisialta

## Kevin Scannell

### 1. Meáin Shóisialta agus Teangacha Mionlaigh

Ba mhaith liom labhairt faoi na meáin shóisialta agus na deiseanna atá ann na meáin seo a úsáid chun an Ghaeilge agus teangacha mionlaigh eile a chur chun cinn. Seans go mbaineann sibh úsáid as na meáin shóisialta ar chuma éigin cheana: líonraí sóisialta cosúil le Facebook, Twitter, agus Google+; comhphobail ábhair, mar shampla YouTube, Flickr, agus Instagram; nó meáin shaoránaigh i bhfoirm blaganna agus podchraoltaí.

Léiríonn na suíomhanna seo an t-athrú mór atá ag teacht ar an nGréasán le deich mbliana anuas nó mar sin; athrú ó Ghréasán “léamh-amháin” go “léamh-is-scríobh”. Tugtar “meáin nua” orthu i gcodarsnacht leis na meáin traidisiúnta toisc gurb é an gnáthphobal a chruthaíonn an t-ábhar go léir. “Sóisialta” toisc gur féidir le daoine ceangal le chéile trí na suíomhanna seo agus cinn eile nach iad; is é sin le rá, “cairdeas” a dhéanamh ar Facebook, daoine a “leanúint” ar Twitter, trácht a dhéanamh ar bhlaganna, agus araile. Mar fheiniméan sóisialta, sílim go bhfuil an t-ábhar seo an-oiriúnach don téama atá againn, “ar scáth a chéile a mhairimid!”.

I gcás phobal na Gaeilge, tugann na meáin shóisialta deis dúinn spás nua don teanga a chruthú sa chibearspás. Tugaim “An Ghaeltacht Fhíorúil” air seo, nó “An Ghaeltacht Bhréige” más fearr libh. Fiú má tá tú i do chónaí áit éigin taobh amuigh den Ghaeltacht, i mBaile Átha Cliath, nó i Londain, nó i St. Louis Missouri, is féidir a bheith tumtha go hiomlán sa teanga nuair a bhíonn tú ar líne. Go pearsanta, úsáidim bogearraí as Gaeilge, éistim le Raidió na Gaeltachta, léim Gaelscéal (nó is é sin an nós a bhí agam), agus déanaim comhrá beo le cairde ar Google Plus, Skype, agus Twitter. Is mise a chruthaigh an spás aonteangach seo domsa féin.

Trí na meáin shóisialta is féidir pobal scaipthe a athcheangal le foinse stairiúil na teanga. Agus feicim an buntáiste céanna le go leor teangacha eile ar fud an domhain, go háirithe na teangacha bundúchasacha i Meiriceá Thuaidh atá i mbaol báis. Tá go leor daoine óga ina gcónaí taobh amuigh den *rez*, agus níl siad i dteagmháil phearsanta leis na seandaoine a bhfuil an teanga oidhreachta ó dhúchas acu. Tá cara liom ar Facebook, mar shampla, bean Ojibwe atá ag foghlaim na teanga, a dúirt liom le déanaí go dtagann formhór a hionchuir laethúil sa teanga ó Facebook, i bhfad níos mó ná aon fhoinsé eile, rud a bhí dodhéanta agus dochreidte deich mbliana ó shin.

Ba mhaith liom cúpla ráiteas eile a roinnt libh, a léiríonn na deacrachtaí a bhaineann le huirlisí ríomhaireachta i gcomhthéacs cultúr traidisiúnta.

*“Indigenous people can choose to resist these [technological] tools and allow the language to continue down its natural pathway to extinction, or embrace and utilize appropriate tools guided by the goals of the community for language documentation, revitalization, promotion and education.”*

– Candace Galla, Ollscoil British Columbia

*“We must never forget that our culture is one of oral history. We will experience a final erosion of our languages if we're not careful and ensure that we have that face-to-face... that we go out on the land with our kids and our grandkids and we have these discussions. That we shut the BlackBerry off, we leave the iPad at home, and sit down by the lake.”*

– Chief Isadore Day, Serpent River First Nation

Deir an chéad ráiteas gur gá uirlisí teicneolaíochta a fhorbairt chun teangacha bundúchasacha a chur chun cinn, agus aontaím leis an dearcadh sin go huile is go hiomlán. Ach faighimid rabhadh sa dara ráiteas, go bhfuil contúirtí ann, go háirithe i gcomhthéacs teanga agus cultúr atá tarchurtha ó bhéal go béal. Tá an teannas seo, idir an sean agus an nua, sa chúlra i gcónaí i mo chuid oibre. Mar léiriú ar an teannas seo, is fiú a rá nach fear frith-theicneolaíochta é Chief Day ar chor ar bith, in ainneoin an ráitis seo: tá sé an-ghníomhach ar Twitter (@ChiefDay), mar shampla!

## 2. Dianchúrsa Twitter

Anois, is é Facebook an líonra sóisialta is mó; níos mó ná *billiún* úsáideoir faoi láthair. Tá Twitter níos lú – níl “ach” cúpla céad milliún úsáideoir air. Ach tá an t-ábhar ar Twitter poiblí (de ghnáth), agus mar sin tá sé níos éasca staidéar a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge agus teangacha eile ar an suíomh. Mar sin, díreoidh mé m’aird ar Twitter sa léacht seo. Tuigim nach bhfuil gach duine ar Twitter, agus dá bharr sin déanfaidh mé dianchúrsa tapaidh anois, chun úsáid bhunúsach an tsuímh a mhíniú.

Ar dtús, scríobhtar teachtaireachtaí gearra (“tweetanna”) ar Twitter trí ríomhaire nó ar fhón póca, agus níl níos mó ná 140 carachtar ceadaithe i dtweet amháin. Is féidir daoine eile a “leanúint” agus a gcuid tweetanna a léamh. Leantar cairde, eagraíochtaí, ceoltóirí, polaiteoirí, iriseoirí, daoine grinn, agus araile. Faightear nuacht agus comhrá beo sa chaoi seo – céard atá ar siúl *anois* – an nóiméad seo nó fiú an tsoicind seo.

Cén sórt tweetanna a fheictear ar Twitter? Go minic, smaointe fánacha, seanfhocail, nathanna, jócanna, nó rudaí mar sin. Mar gheall ar an teorainn 140-carachtar, feictear nascanna le hábhar níos faide ó shuíomhanna eile go minic: scéalta nuachta, blaganna, páipéir acadúla, agus mar sin de. Uaireanta, feictear “tweetanna saibhre” ina bhfuil grianghrafanna nó físeáin leabaithe laistigh den tweet. Ach is éard atá is tábhachtaí i gcomhthéacs na léachta seo ná comhrá simplí idir daoine ar fud an domhain. Seo é an taobh sóisialta.

### 3. Cré na Cille ar Twitter

Chomh maith leis seo, soláthraíonn Twitter uirlisí do ríomhchláraitheoirí sa chaoi gur féidir anailís a dhéanamh ar an líonra, na tuairimí atá á léiriú ar an suíomh, agus na topaicí atá i mbéal an phobail. Is féidir rudaí cruthaitheacha a dhéanamh leis na huirlisí seo freisin. Seo é sampla amháin a léiríonn na féidearthachtaí atá ann.

Má tá an leabhar mór-le-rá *Cré na Cille* léite agat, ach nach bhfuil tú ar Twitter, nó vice versa, caithfidh mé a rá go bhfuil an dá rud an-chosúil le chéile: go leor comhráite ar siúl ag an am céanna ó ghuthanna neamhchorpartha, greann, conspóid, mar sin de. Mar gheall ar an gcosúlacht seo, tháinig smaoinemh craiceáilte chugam anuraidh, is é sin an scéal *Cré na Cille* ar fad a chur ar taispeánt ar Twitter. I mí na Nollag 2012, rinne mé é seo, i gcomhar le Julia Ní Chonchubhair ón gcomhlacht Míle Fáilte agus leis an gcomhlacht léirithe Rosg. Fuaireamar script an scannáin *Cré na Cille* ó Rosg, a bhí bunaithe ar an úrscéal. Chruthaíomar cuntais Twitter do na carachtair go léir, Caitriona Pháidín, Bileachaí an Phosta, agus fiche eile, agus scríobh mé ríomhchlár a bhí i gceannas ar na carachtair. Rinne an ríomhchlár an tweetáil go huathoibríoch, rud ar thug mé “ríomhphuipeadóireacht” air. Bhí níos mó ná céad duine ag leanúint na tweetanna ar feadh cúpla seachtaine. Agus imeacht idirghníomhach a bhí ann – bhí daoine in ann trácht beo a dhéanamh ar an aicsean sa dráma, agus fiú comhrá a dhéanamh leis na carachtair. Ar aon nós, chomh maith le nuacht, comhrá, grianghrafanna, is féidir Twitter a úsáid mar ardán don ealaín – modhanna nua san ealaín freisin.

### 4. Staidéar Neamhchuimsitheach ar Úsáid na Gaeilge

Leis na céadta milliún tweetanna gach lá ar Twitter, tá na guthanna i dteangacha mionlaigh báite san fharráige mhór Béarla, Fraincis, agus Seapáinis. Uaireanta tá sé deacair teacht ar dhaoine eile i do theanga. Chruthaigh mé suíomh Idirlín darb ainm *Indigenous Tweets* i Márta 2011 chun an fhadhb seo a réiteach. Ar an suíomh, taispeánaim gach duine ag tweetáil i dteanga mhionlaigh nó i dteanga bhundúchasach. Tá beagnach 150 teanga ar an suíomh anois (Márta 2013), agus bailíonn sé staitisticí maidir le húsáid na dteangacha sin ar Twitter.

Leis na staitisticí ó Indigenous Tweets, is féidir samhail mhaith a fháil ar úsáid na Gaeilge ar bhonn laethúil. Ar ndóigh is réimse cúng amháin é seo, ach tá sé éasca, tá sé saor in aisce, ní gá suirbhé mór a dhéanamh, agus is féidir sonraí cothrom le dáta, cothrom leis an nóiméad, a fháil am ar bith.

Seo iad na príomhcheisteanna:

- Cé mhéad duine a úsáideann Gaeilge ar Twitter?
- Cé chomh minic a úsáideann siad í?
- Cá bhfuil pobal na Gaeilge lonnaithe?

Ar dtús, cé mhéad duine a úsáideann Gaeilge ar Twitter?

Dáta	Daoine ag tweetáil
07-2007	2
01-2008	3
07-2008	18
01-2009	36
07-2009	189
01-2010	356
07-2010	651
01-2011	1057
07-2011	2103
01-2012	3125
07-2012	4358
01-2013	≈4592

Is léir ón tábla go bhfuil borradh mór ar phobal na Gaeilge ar Twitter le cúig bliana anuas, agus beagnach cúig mhíle duine ann anois. Níl san uimhir dheireanach ach meastachán toisc nach bhfuil na huimhreacha is déanaí agam fós, agus déarfainn go bhfuil níos mó ná sé mhíle ann faoi láthair.

Anois, cé chomh minic? Cé mhéad tweet as Gaeilge sa tseachtain?

Dáta	Tweetanna sa tseachtain
07-2007	3.0
01-2008	1.5
07-2008	2.4
01-2009	8.4
07-2009	96.0
01-2010	106.5

07-2010	173.5
01-2011	208.8
07-2011	858.8
01-2012	1490.5
07-2012	2645.8
01-2013	3298.4

Faoi láthair, tá níos mó ná trí mhíle tweet gach seachtain, agus anois is arís feictear spíce san uimhir, mar shampla le linn Sheachtain na Gaeilge 2012 (3907 tweet sa tseachtain) agus Oireachtas na Samhna 2012 (4255 tweet sa tseachtain). Níl na huimhreacha ó Sheachtain na Gaeilge 2013 agam, ach is dócha go mbeidh siad níos airde fós.

Faoi dheireadh, cá bhfuil pobal na Gaeilge? Go minic is féidir an áit inar scríobhadh tweet a fháil amach ó na sonraí a thagann ó Twitter. Uaireanta, domhanfhad agus domhanleithead – an pointe beacht – nuair a thagann tweet ó fhón póca mar shampla. Ach uaireanta eile is éard atá ann ná meastachán garbh, bunaithe ar an logainm ar leathanach an úsáideora: “Dublin”, “Conamara”, etc.

Bunaithe ar na sonraí seo, seo iad na háiteanna ar tháinig an líon is mó tweetanna astu:

1. Baile Átha Cliath
2. Cathair na Gaillimhe
3. Gaeltacht Chonamara
4. Béal Feirste

Tá na Gaeltachtaí eile (Corca Dhuibhne, Dún na nGall) an-chiúin ar fad ar Twitter. Is fiú a rá freisin go bhfuil daoine ag tweetáil i nGaeilge ar fud an domhain (sna Stáit Aontaithe, Ceanada, An Fhrainc, An Fhionlainn, An Spáinn, An Astráil, An Afraic Theas, srl.), agus gur tháinig an chéad tweet as Gaeilge ón Spás-Stáisiún Idirnáisiúnta ar 18 Feabhra 2013, ón Cheannasaí Chris Hadfield, spásaire Ceanadach (@Cmdr\_Hadfield).

## 5. Deiseanna Athbheochana

Tá a fhios againn go léir go bhfuil go leor daoine in Éirinn a bhfuil cumas éigin sa Ghaeilge acu agus suim sa Ghaeilge acu, ach ní bhaineann siad úsáid as an teanga ar bhonn laethúil. Seans nach bhfuil siad ina gcónaí sa Ghaeltacht, nó níl cairde acu leis an teanga, nó tá faitíos orthu.

Scrúdaigh mé an cheist seo i gcomhthéacs Twitter. Ar dtús, rinne mé liosta de na daoine a bhfuil níos mó ná caoga tweet i nGaeilge acu, agus atá tweetáil as Gaeilge níos mó ná caoga faoin gcéad den am. Na daoine is gníomhaí sa teanga atá i gceist.

Ansin, d'fhéach mé ar *leantóirí* na ndaoine seo, agus na tweetanna atá acu. Tá na daoine seo ag léamh ábhair i nGaeilge. Bhí rogha acu na cuntais le leanúint. Mar sin glacaim leis go bhfuil suim acu sa teanga agus cumas éigin sa teanga – cumas léimh ar a laghad.


Tá beagnach fiche míle duine i gceist. Seans go bhfuil faitíos oraibh cheana toisc go ndúirt mé níos luaithe nach bhfuil ach cúig mhíle duine ag tweetáil i nGaeilge! Agus bheadh an ceart agat – ní raibh *tweet amháin* as Gaeilge ó níos mó ná ochtó faoin gcéad den ghrúpa seo. Déanann siad tweets as Gaeilge *dó* faoin gcéad den am. Cén fáth? Níl a fhios agam, ach is dóigh liom gurb é seo an grúpa ar chóir gníomhaíochtaí athbheochana a dhíriú orthu.

## 6. Amharcléiriú

Anois, cúpla pictiúr álainn. Ar dtús, seo é amharc ar phobal na Gaeilge ar Twitter, ina bhfuil pointe beag do gach duine, agus nasc idir daoine nuair a bhí comhrá eatarthu. Tá méid na n-ainmneacha bunaithe ar staitistic líonra darb ainm “údarás”; go bunúsach, tá ainm níos mó sa bpictiúr nuair atá comhrá ar siúl ag an gcuntas sin le go leor daoine éagsúla. Is graf “domhan beag” nó “6 degrees of separation” é seo, agus tá cuma an-dlúth ar an bpobal. Is léir gur teanga amháin agus pobal amháin atá ann. É sin ráite, is féidir “fo-phobal” éagsúla a aimsiú trí mhodhanna staitisticiúla; dreamanna atá ag comhrá le chéile níos mó ná le daoine eile. Agus tá cúig ghrúpa mhór le feiceáil anseo – na dathanna éagsúla a fheiceann sibh sa bpictiúr: oráiste, dearg, corcra, uaine, agus spéirghorm.




I dtosach báire, comparáid le Gaeilge na hAlban agus leis an Manainnis. Seo é pictiúr an-spéisiúil a léiríonn pobal Ghaeilge na hÉireann, Ghaeilge na hAlban agus Manainnise, agus na comhráite atá ar siúl eatarthu ar Twitter. Fuair mé an smaoineamh seo ó John Caulfield atá i mbun taighde dochtúireachta in Ollscoil Caerdydd. Tá an Ghaeilge ar clé, Gàidhlig ar dheis (oráiste), agus an Mhanainnis sa lár áit éigin, ach tá sí róbheag le feiceáil sa bpictiúr, faraor. Is féidir cúpla duine dátheangach a fheiceáil sa lár, le nascanna sa dá threo. Ach is é an rud a chuir iontas ormsa ná an méid nascanna díreacha idir an dá thaobh – díospóireachtaí dátheangacha atá iontu sin. Níl aon chomhthéacs eile ann ina bhfuil an méid seo cumarsáide ar siúl idir an dá theanga, ar feadh m'eolais.



Mar a dúirt mé, tá beagnach 150 teanga ar an suíomh Indigenous Tweets, as gach cearn den domhan, agus is féidir na teangacha seo a chur i gcomparáid, i dtaobh úsáid na meán sóisialta. Sa ghraf seo, is é daonra iomlán na teanga atá ar an x-ais, agus líon na ndaoine ar Twitter sa teanga ar an y-ais. Feicfidh sibh teangacha móra as an Afraic mar shampla ar dheis: Yorubá (yo), Hausa (ha), Somáilis (so), ach tá na pobail ar Twitter níos lú fiú ná pobal na Gaeilge (níl an tIdirlíon ar fáil go forleathan san Afraic ar ndóigh, agus tá sé costasach go minic). San Eoraip, áit ina bhfuil na coinníollacha céanna maidir le rochtain ar ríomhairí agus ar an Idirlíon i réim, tá grúpa teangacha leagtha amach ar líne dhíreach: Aragóinis (an), Sámi Thuaidh (se), Gàidhlig (gd), Astúiris (ast), agus Freaslainnis (fy). Tá cúpla teanga os cionn na líne seo, pobal níos bríomhaire atá i gceist: Gaeilge (ga), Bascais (eu), Breatnais (cy), agus, go spéisiúil, Coirnis (kw) agus Manainnis (gv).





Is léir ón anailís seo go bhfuil go leor grúpaí ar fud an domhain ag baint tairbhe as an Idirlíon agus as na meáin shóisialta chun a dteangacha a athbheochan. Tá an Ghaeilge i measc na dteangacha is láidre ar líne, le borradh mór in úsáid Twitter go háirithe le cúpla bliain anuas. Níl cosúlacht ar bith air go bhfuil an fás seo ag moilliú. Ar an taobh eile, tuaradh bás na Gaeilge mar theanga an phobail sa Ghaeltacht sa chúig bliana déag romhainn sa *Staidéar Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* a bhí foilsithe i 2007. Más fíor, ba thubaiste amach is amach é, agus is é an Ghaeltacht Fhíorúil an Ghaeltacht amháin a bheadh againn. Ní féidir le héinne a rá cad iad na himpleachtaí a bheadh ann don teanga.